



An Bhruiséil, 16 Márta 2026
(OR. fr)

7312/26

JUR 205
COUR 1
INST 95
COUR

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toiscaireachtaí
Ábhar:	Dréachtleasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais

Gheobhaidh na toiscaireachtaí, i gceangal leis seo, litir dar dáta an 12 Márta 2026 ó Koen Lenaerts, Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, chuig Marilena Raouna, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh, lena dtarchuirtear dréachtleasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.



**CÚIRT
BHREITHIÚNAIS
AN
AONTAIS EORPAIGH**

An tUachtarán

Lucsamburg, an 12 Márta 2026

*Marilena Raouna
Leas-Aire Gnóthaí Eorpacha
Uachtarán Chomhairle an Aontais
Eorpaigh
Rue de la Loi, 175
B-1048 an Bhruiséil*

A Uachtaráin, a chara,

Maidir leis an séú mír d'Airteagal 253 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, is mór an onóir dom na dréacht-leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais atá i gceangal leis an litir seo a chur faoi bhráid na Comhairle lena bhformheas aici.

Féachtar leis na dréacht-leasuithe seo, ar an gcéad dul síos, raon feidhme an mhaolaithe dá dtagraítear in Airteagal 38(4) de na Rialacha Nós Imeachta a shoiléiriú chun deireadh a chur le haon éiginnteacht maidir leis an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit a dteanga oifigiúil féin a úsáid in imeachtaí os comhair na Cúirte, agus foirmiúlachtaí áirithe dá bhforáiltear le forálacha eile de na Rialacha Nós Imeachta nach ndealraíonn a bheith riachtanach agus a bhfuil tionchar acu ar fhad na n-imeachtaí os comhair na Cúirte a chuíchóiriú nó a scriosadh.

Féachtar leis na dréacht-leasuithe, ar an dara dul síos, an taithí a fuarthas le linn na n-athruithe tríbhliantúla ar chomhdhéanamh na Cúirte a chur san áireamh, arb é is príomhthréith di imeacht comhuaineach roinnt Breithiúna agus an gá atá le clabhsúr a chur le líon mór cinntí, in am trátha, sula n-imeoidh siad, agus bainistiú níos réidhe cásanna a áirithiú trí fhoráil a dhéanamh go háirithe don fhéidearthacht, d'Uachtaránacht fhoirmíocht na Cúirte, a dheimhniú lena shíniú tar éis don bhreitheamh an Chúirt a fhágáil gur ghlac Breitheamh páirt iarbhir sna pléití nuair as ar eascair an cinneadh.

Tá téacs na dréacht-leasuithe seo i ngach teanga oifigiúil i gceangal leis an litir seo agus tá meabhrán míniúcháin ann ar mhaith liom tagairt a dhéanamh dó.

Is mise, le meas,

Koen Lenaerts

DRÉACHT-LEASUITHE AR RIALACHA NÓS IMEACHTA NA CÚIRTE BREITHIÚNAIS

Meabhrán míniúcháin

Tá trí chuspóir ag na dréacht-leasuithe seo ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, arna mbunú ar an séú mír d'Airteagal 253 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Féachtar leo, ar an gcéad dul síos, soiléiriú a dhéanamh ar raon feidhme an mhaolaithe dá bhforáiltear in Airteagal 38(4) de na Rialacha Nós Imeachta maidir leis an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit a dteanga oifigiúil féin a úsáid in imeachtaí áirithe. Moltar an t-airteagal sin a leasú chun foráil a dhéanamh go mbeidh an fhéidearthacht sin acu ní hamháin sna trí chás dá dtagraítear faoi láthair, ach i ngach cás ina bhfuil na Ballstáit rannpháirteach freisin agus maidir le haon iarraidh, iarratas, caingean nó achomharc a dhéanann siad, gan beann ar a mbunús dlí. Chumhdófaí Airteagal 38(5) leis an leasú seo freisin, mutatis mutandis, a bhaineann leis an bhféidearthacht do Stáit ar páirtithe i gComhaontú LEE iad, seachas Stáit ar Ballstáit iad, agus d'Údarás Faireacháin CSTE, ceann de na teangacha oifigiúla atá luaite in Airteagal 36 de na Rialacha Nós Imeachta a úsáid i gcomhthéacs reatha a rannpháirtíochta in imeachtaí os comhair na Cúirte.

Ina dhiaidh sin, féachtar leis na dréacht-leasuithe seo foirmiúlachtaí áirithe dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta a chuíchóiriú, a shimpliú nó a scriosadh, toisc go bhfuil siad iomarcach nó mar gheall ar an am a ghlacann na foirmiúlachtaí sin agus ar an tionchar a bhíonn acu ar fhad na n-imeachtaí dá bhrí sin. Áirítear leis seo, go háirithe, an oibleagáid atá ann miontuairiscí a ullmhú chun Tuairimí nó breithiúnais a thabhairt, cé go gcaoltar iad sin beo anois agus go mbíonn rochtain orthu ina dhiaidh sin ar shuíomh gréasáin na Cúirte, nó an gá atá le hordú a ghlacadh i gcásanna amhail an chuid ó bhéal den nós imeachta a thosú nó rúndacht a dheonú i gcomhthéacs achomhairc, i gcás inar deonaíodh rúndacht cheana féin maidir leis na sonraí céanna, ag an gcéad chéim, i ndáil le páirtí amháin nó roinnt páirtithe.

Ar na cúiseanna sin, moltar, dá bhrí sin, Airteagail 83, 84 agus 190 de na Rialacha Nós Imeachta a leasú chun an oibleagáid miontuairiscí a tharraingt suas a theorannú d'éisteachtaí amháin agus chun an gá atá le hordú a ghlacadh a fhorchoimeád do chásanna ina bhfuil údar iomlán leis, amhail an chuid ó bhéal den nós imeachta a atosú nó iarratas ar rúndacht ó pháirtí ar an gCúirt maidir le hábhar nua nó i ndáil le páirtithe eile sna himeachtaí.

Ar deireadh, féachtar leis na dréacht-leasuithe ceachtanna a fhoghlaim ón taithí a fuarthas, go háirithe, ó athrú tríbhliantúil chomhdhéanamh na Cúirte. Mar gheall ar an bhforáil sna

Rialacha Nós Imeachta lena bhforáiltear do shíniú doiciméad bunaidh breithiúnais ag na Breithiúna go léir a ghlac páirt sna pléití, éilítear le himeacht comhuaineach roinnt comhaltaí ar an gCúirt clabhsúr a chur leis na pléití i líon mór cásanna ar dháta níos luaithe, atá fada go leor ó dháta athraithe iarbhír chomhdhéanamh na Cúirte, ionas go bhféadfar na breithiúnais sna cásanna lena mbaineann a aistriú, ansin na breithiúnais sin a shíniú agus a thabhairt roimh imeacht iarbhír na mBreithiúna a bhfuil a dtéarma oifige ag dul in éag. Dá bhrí sin, tá sé d'éifeacht ag an gceanglas a leagtar síos in Airteagal 88(2) de na Rialacha Nós Imeachta plé na Cúirte a dhíriú, ar feadh roinnt míonna, ar chásanna ina bhfuil Breithiúna a bhfuil deireadh ag teacht lena dtéarmaí oifige rannpháirteach – rud a dhéanann dochar do chásanna eile ina gceadaítear le staid na n-imeachtaí breithiúnais a thabhairt – agus ansin, le linn na seachtainí roimh an athrú, an t-ualach oibre a leagan ar Bhreithiúna a bheidh fós in oifig ós rud é nach mbeidh an t-am i ndáiríre a thuilleadh ag Breithiúna a bhfuil deireadh ag teacht lena dtéarmaí oifige doiciméad bunaidh na mbreithiúnas a shíniú sna cásanna ina raibh siad rannpháirteach.

Ar an gcúis sin, moltar, dá bhrí sin, ar mhaithe le riar cuí an cheartais, an fhoráil thuasluaite – agus, de réir analaí, Airteagal 200, a bhaineann le Tuairimí – a leasú ionas go mbeidh Breithiúna a dtagann deireadh lena dtéarma oifige in ann páirt a ghlacadh i bpléití go dtí deireadh a dtéarma oifige agus chun foráil a dhéanamh, sa chás sin, go ndeimhneoidh Uachtarán fhoirmíocht na Cúirte gur ghlac na Breithiúna sin páirt éifeachtach i bplé fhoirmíocht na Cúirte.

Ar an gcaoi chéanna – agus chun dáileadh níos cothroime ualach oibre na mBreithiúna go léir agus bainistiú níos rianúla ar achomhairc a thagann faoi raon feidhme Airteagal 58a den Reacht a áirithiú – moltar Airteagal 170b(2) de na Rialacha Nós Imeachta a leasú chun athrú a dhéanamh ar an dáta atá le cur san áireamh chun comhdhéanamh an Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh a chinneadh. Chomh maith leis an Leas-Uachtarán agus leis an mBreitheamh is Rapóirtéir, ba é an tríú comhalta den fhoirmíocht Uachtarán an Dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna dá bhfuil an Breitheamh is Rapóirtéir sannta tráth a ainmnítear é mar Bhreitheamh is Rapóirtéir, agus ní ag an tráth níos luaithe a chuirtear isteach an t-iarratas go ligfear d'achomharc dul ar aghaidh

Tugtar mínithe níos mionsonraithe ar an gcúis atá leis an leasú sin – agus ar na leasuithe eile a mholtar – sna míreanna thíos. Ar mhaithe leis an léitheoireacht a éascú, aibhsítear i ndath liath athruithe nithiúla ar fhoclaiócht na bhforálacha atá ann faoi láthair

LEASUITHE AR RIALACHA NÓS IMEACHTA NA CÚIRTE BREITHIÚNAIS

DÉANANN AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe don séú mír d'Airteagal 253 de,

ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a(1) de,

ag féachaint don Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 63 de,

de bhrí gur cheart, mar gheall ar cheisteanna a bhaineann le cásanna ina n-údaraítear do na Ballstáit a dteanga oifigiúil féin a úsáid in imeachtaí os comhair na Cúirte, raon feidhme an mhaolaithe dá bhforáiltear in Airteagal 38(4) de na Rialacha Nós Imeachta a shoiléiriú agus a shonrú go mbaineann an fhéidearthacht atá ag na Ballstáit a dteanga oifigiúil féin a úsáid le gach cás ina bhfuil siad rannpháirteach agus le gach iarraidh, iarratas nó caingean a thugtar os comhair na Cúirte, lena n-áirítear achomhairc a thugtar faoi Airteagail 56 nó 57 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,

de bhrí gurb iomchuí, ina theannta sin, foirmiúlachtaí áirithe atá leagtha síos sna Rialacha Nós Imeachta a chuíchóiriú nó a scriosadh, toisc go bhfuil siad iomarcach mar thoradh ar fhorbairtí teicneolaíochta le déanaí, nó mar gheall ar an ualach oibre a ghabhann leo agus an tionchar a bhíonn acu ar fhad na n-imeachtaí,

de bhrí gur cheart, chuige sin, an oibleagáid miontuairiscí a tharraingt suas a theorannú d'éisteachtaí agus gur cheart idirdhealú a dhéanamh idir na foirmiúlachtaí is gá i gcás ina n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta agus na foirmiúlachtaí níos éadroime is infheidhme i gcás ina dtosófar an chuid sin,

de bhrí gurb iomchuí freisin ceachtanna a fhoghlaim ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir le rúndacht agus an oibleagáid ordú a ghlacadh a bhaint den Chúirt Bhreithiúnais i gcás, i gcomhthéacs achomhairc, ina ndéanann páirtí amháin sna himeachtaí iarratas ar an láimhseáil rúnda chéanna i ndáil le páirtí eile agus a dheonaigh an Chúirt Ghinearálta ag an gcéad chéim,

de bhrí gurb iomchuí freisin an taithí a fuair an Chúirt ar bhás Breithimh nó ar imeacht comhuaineach roinnt Breithiúna a chur san áireamh agus foráil a dhéanamh don fhéidearthacht go ndeimhneoidh Uachtarán fhoirmíocht na Cúirte gur ghlac Breitheamh nach bhfuil in ann doiciméad bunaidh an bhreithiúnais nó na Tuairime a shíniú a thuilleadh páirt i bpléití na foirmíochta sin,

de bhrí gurb iomchuí, ar deireadh, bainistiú cásanna atá faoi réir an tsásra maidir le ligean d'achomharc dul ar aghaidh a éascú agus dáileadh níos cothroime an ualaigh oibre idir na Breithiúna go léir a áirithiú tríd an dáta atá le cur san áireamh chun comhdhéanamh an Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh a chinneadh a leasú,

agus an comhdhéanamh sin á bhunú de réir an dáta a cheaptar Breitheamh mar Bhreitheamh is Rapóirtéir, agus ní de réir an dáta a chuirtear isteach an t-iarratas go ligfí don achomharc dul ar aghaidh,

le formheas ón gComhairle arna thabhairt an ...,

NA LEASUITHE SEO A LEANAS AR A RIALACHA NÓS IMEACHTA A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais an 25 Meán Fómhair 2012¹ mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 38(4):

‘D’ainneoin a bhfuil roimhe seo, beidh Ballstát i dteideal a theanga oifigiúil a úsáid agus é ag glacadh páirt in imeachtaí réamhrialaithe, nuair a bheidh sé ag idiragairt i gcás nó in imeachtaí os comhair na Cúirte nó ag cur aon iarraidh, iarratas, caingean nó achomharc faoina bráid. Beidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le doiciméid i scríbhinn agus ráitis ó bhéal. Féachfaidh an Cláráitheoir chuige go gcuirfear aistriúchán ar fáil i dteanga an cháis i ngach cás.’

Cé go raibh sé de cheart i gcónaí ag na Ballstáit a dteanga oifigiúil féin a úsáid os comhair chúirteanna Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ní léirítear an réaltacht sin ach go páirteach le hAirteagal 38(4) de na Rialacha Nós Imeachta reatha, ós rud é nach ndéantar tagairt leis ach do thrí chás a bhaineann, faoi seach, le rannpháirtíocht na mBallstát in imeachtaí réamhrialaithe, le hidiragairt na Stát sin i ndíospóidí atá ar feitheamh os comhair na Cúirte agus le caingne mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 259 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Ní luaitear na hachomhairc dá dtagraítear in Airteagail 56 agus 57 den Reacht san fhoráil sin, ná na hiarratais, iarrataí agus caingne dá dtagraítear i gCaibidil 9 de Theideal IV de na Rialacha Nós Imeachta, a bhaineann le caingne díreacha, ná rannpháirtíocht na mBallstát sna nósanna imeachta athbhreithnithe nó tuairime dá dtagraítear, faoi seach, i dTeidil VI agus VII de na Rialacha Nós Imeachta. Níl aon amhras ach go bhfuil na Stáit sin i dteideal a dteanga féin a úsáid in imeachtaí den sórt sin.

¹IO L 265 an 29 Meán Fómhair 2012, lch. 1, arna leasú an 18 Meitheamh 2013 (IO L 173, 26 Meitheamh 2013, lch. 65), 19 Iúil 2016 (IO L 217, 12 Lúnasa 2016, lch. 69), 9 Aibreán 2019 (IO L 111, 25 Aibreán 2019, lch. 73) agus an 26 Samhain 2019 (IO L 316, an 6 Nollaig 2019, lch. 103).

Leanann an méid sin ó fhoclaiocht Airteagal 37(2) de na Rialacha Nós Imeachta, ina ndéantar tagairt go sainráite don mhaolú dá bhforáiltear in Airteagal 38(4) agus (5), sula gcinntear teanga an cháis is infheidhme maidir le hachomhairc, athbhreithnithe agus iarrataí, iarratais agus caingne dá dtagraítear i gCaibidil 9 de Theideal IV, agus ón dara mír agus ón tríú mír d’Airteagal 56 den Reach. Sonraítear san Airteagal sin, cé is moite de chásanna a bhaineann le díospóidí idir an tAontas Eorpach agus a chuid seirbhíseach, go bhféadfaidh na Ballstáit achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí, fiú mura ndearna siad idiragairt sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, agus, i gcás den sórt sin, go gcuirfean an chóir chéanna ar na Stáit sin a chuirtear ar Stáit a rinne idiragairt ag an gcéad chéim. Dá bhrí sin, tugtar le tuiscint leis an soiléiriú sin, dála na mBallstát a dhéanann idiragairt ag an gcéad chéim, a fhéadfaidh a dteanga oifigiúil féin a úsáid faoi Airteagal 46(4) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, go bhféadfaidh Stáit nach raibh ina bpáirtithe sna himeachtaí os comhair na cúirte sin agus a dhéanann achomharc os comhair na Cúirte Breithiúnais a dteanga oifigiúil féin a úsáid freisin.

Chun deireadh a chur le haon éiginnteacht atá fós ann maidir leis an gceist sin, moltar Airteagal 38(4) de na Rialacha Nós Imeachta a leasú chun an bhearna sin a líonadh agus foráil a dhéanamh go sainráite go bhféadfaidh na Ballstáit a dteanga oifigiúil féin a úsáid, ní hamháin sna trí chás a luaitear thuas, ach freisin nuair a ghlacann siad páirt in imeachtaí os comhair na Cúirte – amhail an nós imeachta tuairime nó an nós imeachta athbhreithnithe – nó nuair a chuireann siad iarraidh, iarratas, caingean nó achomharc faoi bhráid na Cúirte.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 38(5):

*‘Údaraítear do Stáit ar páirtithe i gComhaontú LEE iad, seachas Stáit ar Ballstáit iad, agus d’Údarás Faireacháin CSTE ceann de na teangacha atá luaite in Airteagal 36 a úsáid, de rogha ar theanga an cháis, nuair a bheidh siad ag glacadh páirt in imeachtaí réamhrialaithe, nuair a bheidh siad ag idiragairt i gcás **nó in imeachtaí os comhair na Cúirte nó ag cur aon iarraidh, iarratas nó achomharc** faoina bráid. Beidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le doiciméid i scríbhinn agus ráitis ó bhéal. Féachfaidh an Cláráitheoir chuige go gcuirfean aistriúchán ar fáil i dteanga an cháis i ngach cás. ’*

Tá feidhm ag an leasú dá bhforáiltear sa phointe roimhe seo, mutatis mutandis, maidir le Stáit ar páirtithe i gComhaontú LEE iad, seachas Stáit ar Ballstáit iad, agus maidir le hÚdarás Faireacháin CSTE. A mhéid is féidir leis na Stáit sin agus ar an Údarás sin páirt a ghlacadh in imeachtaí os comhair na Cúirte i gcúinsí seachas an dá cheann dá bhforáiltear faoi láthair in Airteagal 38(5), ba cheart foclaidheacht an Airteagail sin a fhorlíonadh chun foráil a dhéanamh go bhféadfaidh na Stáit sin agus an tÚdarás sin ceann de na teangacha atá luaite in Airteagal 36 a úsáid, de rogha ar theanga an cháis, ní hamháin nuair a ghlacann siad páirt in imeachtaí réamhrialaithe nó nuair a bhíonn siad ag idiragairt i gcás os comhair na Cúirte, ach freisin nuair a ghlacann siad páirt in imeachtaí amhail, mar shampla, an nós imeachta athbhreithnithe dá bhforáiltear in Airteagal 195 de na Rialacha Nós Imeachta, nó

nuair a chuireann siad iarraidh nó iarratas dá bhforáiltear i gCaibidil 9 de Theideal IV de na Rialacha sin nó achomharc faoi bhráid na Cúirte.

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 83:

‘Airteagal 83 An chuid ó bhéal den nós imeachta a thosú nó a atosú

Féadfaidh an Chúirt tráth ar bith, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a chinneadh go dtosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta nó a ordú go n-atosófar an chuid sin, go háirithe má mheasann sí nach bhfuil dóthain faisnéise os a comhair, nó i gcás, tar éis clabhsúr a chur leis an gcuid sin den nós imeachta, ina dtíolacfaidh páirtí fíoras nua a mbeidh a chineál ina thoisic chinntitheach ar bhreith na Cúirte nó i gcás ina gcaithfear an cas a chinneadh ar bhonn argóint nár pléadh idir na páirtithe agus na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht. ’

Foráiltear le hAirteagal 83 de na Rialacha Nós Imeachta go bhféadfaidh an Chúirt a ordú go dtosófar nó go n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta agus déantar tagairt leis, sa chomhthéacs sin, do thrí shampla de chásanna sonracha a bhféadfadh tosú nó atosú an chuid ó bhéal den nós imeachta a bheith mar thoradh orthu Gan difear a dhéanamh do phrionsabal an chuid ó bhéal den nós imeachta a thosú nó a atosú, ná do na cúinsí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar a leithéid, tá sé mar aidhm ag an leasú seo nósanna imeachta oibriúcháin na Cúirte a shimpliú sa chás go n-atosáitear an chuid ó bhéal.

Cé nach féidir a shéanadh go bhfuil glacadh ordaithe úsáideach i gcás atosú an chuid ó bhéal den nós imeachta, i gcás inar tionóladh éisteacht cheana féin agus/nó inar tugadh Tuairim, is cosúil go bhfuil úsáid ordaithe iomarcach i gcás nár osclaíodh an chuid ó bhéal den nós imeachta go fóill agus nach raibh aon éisteacht ná Tuairim ann. I gcás den sórt sin, féadfaidh an cinneadh an chuid ó bhéal den nós imeachta a thosú a bheith i bhfoirm cinneadh simplí, arna chur in iúl do na páirtithe i litir ón gClárlann, lena ngabhfaidh, más iomchuí, ceisteanna i gcomhair freagra i scríbhinn nó ó bhéal.

Ar an taobh eile, is cosúil nach gá an cleachtas reatha a athrú maidir leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta a atosú. I gcás ina measann an Chúirt nach mór an chuid sin a atosú, ní mór di na cúiseanna a lua ionas go bhféadfaidh na páirtithe nó na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht raon feidhme atosaithe sin a thuiscint go hiomlán agus go bhféadfaidh siad ullmhú go barrmhaith don éisteacht nua. Is cosúil, i gcás den sórt sin, gurb é glacadh ordaithe an bealach is iomchuí chun na cúiseanna le hatosú an chuid ó bhéal den nós imeachta agus na ceisteanna atá le scrúdú ar bhealach níos mionsonraithe sa chomhthéacs sin a leagan amach.

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 84:

‘Airteagal 84 Miontuairiscí na n-éisteachtaí

1. Ullmhóidh an Cláráitheoir miontuairiscí ar gach éisteacht. Síneoidh an tUachtarán agus an Cláráitheoir na miontuairiscí. Beidh na miontuairiscí ina dtaifead oifigiúil.

2. Féadfaidh na páirtithe agus na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht na miontuairiscí a iniúchadh sa Chlárúil agus cóipeanna díobh a fháil. ’

Cé go raibh ullmhú mhiontuairiscí gach éisteachta agus fógartha ag an gClárúil, go dtí le déanaí, ina fhoirmiúlacht thábhachtach a bhí ina tháifead oifigiúil ar an bhfíric gur tionóladh an éisteacht sin nó na fógartha sin agus ar chuspóir agus seoladh na héisteachta nó na fógartha sin, tá cuid mhór dá húsáideacht cailte anois a mhéid a chraoltar tabhairt Tuairimí agus fógart breithiúnas beo ar shuíomh gréasáin na Cúirte, agus bíonn rochtain orthu ar an suíomh sin ina dhiaidh sin Tar éis an Tuairim a thabhairt agus an breithiúnas a fhógairt, cuirtear an Tuairim agus an breithiúnas i gcomhad an cháis freisin agus seirbheáiltear iad ar na páirtithe nó ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht.

Sna himthosca sin, moltar an oibleagáid miontuairiscí a tharraingt suas a theorannú d'éisteachtaí amháin agus foclaíocht Airteagal 84(1) de na Rialacha Nós Imeachta a leasú chuige sin. Mar sin féin, ní bhaineann an leasú seo le gach leagan teanga. I dteangacha áirithe, ní dhéantar tagairt leis an leagan reatha d'Airteagal 84(1) ach d'éisteachtaí.

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 88:

‘Airteagal 88

Breithiúnas a fhógairt agus a sheirbheáil

1. Fógófar an breithiúnas i gcúirt oscailte.
2. Síneoidh an tUachtarán, na Breithiúna a ghlac páirt sna pléití agus an Cláráitheoir doiciméad bunaidh an bhreithiúnais. I gcás nach féidir le Breitheamh a ghlac páirt sna pléití an doiciméad bunaidh a shíniú a thuilleadh, mar gheall ar a staid sláinte nó tar éis a bháis, nó mar gheall ar a éirí as oifig nó dul in éag a théarma oifige, deimhneoidh an tUachtarán gur ghlac an Breitheamh sin páirt sna pléití.
3. Déanfar doiciméad bunaidh an bhreithiúnais, arna shíniú, a shéalú agus a thaisceadh sa Chlárúil. Seirbheálfar cóip dheimhnithe den bhreithiúnas ar na páirtithe agus, i gcás inarb iomchuí, ar an gcúirt nó ar an mbinse a rinne an tarchur, ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht agus ar an gCúirt Ghinearálta. ’

Mar a chuirtear in iúl sa Mheabhrúchán Miniúcháin a ghabhann leis na dréacht-leasuithe seo, is ócáid é an t-athrú tríbhlantúil ar chomhdhéanamh na Cúirte a d'fhéadfaid cur isteach ar fheidhmiú cuí na Cúirte a mhéid a cheanglaítear ar an gCúirt leis clabhsúr a chur, laistigh de thréimhse réasúnta gearr, le líon mór cásanna chun ceanglas Airteagal 17 den

Reacht a chomhlíonadh, ar dá réir nach mbeidh breitheanna na Cúirte bailí ach amháin nuair is uimhir chorr dá comhaltaí a bheidh ina suí le linn an phlé – rud a athraíonn de réir mhéid fhoirmíocht na Cúirte lena mbaineann – agus ceanglas Airteagal 88(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte a chomhlíonadh, ina sonraítear nach mór don Uachtarán, do na Breithiúna a ghlac páirt sna pléití agus don Chláraitheoir doiciméad bunaidh an bhreithiúnais a shíniú

Cé nach n-eascraíonn aon deacracht as an ríail córaim a leagtar síos in Airteagal 17 den Reacht, ní féidir an rud céanna a rá faoin gceanglas a leagtar síos in Airteagal 88(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte. Ós rud é nach féidir doiciméad bunaidh an bhreithiúnais a shíniú go dtí go mbeidh sé ar fáil i dteanga an cháis, ní mór plé na mBreithiúna a eagrú luath go leor roimh dháta an athraithe pháirtigh ar chomhdhéanamh na Cúirte ionas go bhféadfar an doiciméad bunaidh sin a shíniú roimh imeacht iarbhír na mBreithiúna a bhfuil a dtéarma oifige ag dul in éag. Dá airde líon na mBreithiúna sin, is mó líon na gcásanna a bheidh ar an gCúirt a phlé laistigh de thréimhse réasúnta gearr, agus is mó an brú a chuirfear ar na Breithiúna sin agus ar na seirbhísí, go háirithe ar an tseirbhís aistriúcháin, agus na rioscaí go léir a bhaineann le hobair a dhéantar faoi bhrú á gcur san áireamh.

Mar aon leis na míbhuntáistí thuasluaite, ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéanann an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 88(2) de na Rialacha Nós Imeachta difear freisin do láimhseáil cásanna eile, ós rud é go bhfuil sé d'éifeacht go huathoibríoch ag an ngá tús áite a thabhairt do chásanna ina bhfuil Breithiúna a bhfuil a dtéarmaí oifige ag dul in éag rannpháirteach láimhseáil cásanna eile a thugtar os comhair na Cúirte a chur siar go dtí dáta níos déanaí, cé go gceadaítear staid na n-imeachtaí i roinnt acu breithiúnais a thabhairt.

Ar deireadh, ba cheart a chur in iúl go méadaítear na deacrachtaí a shaináithnítear sna míreanna thuas tuilleadh nuair a chuirtear moill ar chinntí maidir le síneadh a chur le téarma oifige Breithiúna. Fad is atá éiginnteacht ann maidir le téarma oifige na mBreithiúna sin a athnuachan, tugann an Chúirt tosaíocht dá gcásanna, go háirithe nuair atá siad ag feidhmiú mar Bhreitheamh is Rapóirtéir, ionas nach mbeidh uirthi tosú ón tús ar fad i ndáil leis na cásanna sin i gcás nach ndéanfar a dtéarma oifige a athnuachan. Tá an cur chuige sin bunaithe ar inní maidir le riar cuí an cheartais agus tá sé beartaithe leis cearta na bpáirtithe sna himeachtaí a chosaint, ach tá sé d'éifeacht aige an brú agus líon na gcásanna a ndéileálfar leo mar ábhar tosaíochta agus, dá bhrí sin, líon na gcásanna nach mór a scrúdú a chur siar go dáta níos déanaí, a mhéadú.

Ar na cúiseanna sin go léir, agus chun ualach oibre na gcomhaltaí a laghdú ar feadh a dtéarma oifige agus chun scrúdú tráthúil ar na cásanna go léir a thugtar os comhair na Cúirte a áirithiú, moltar leasú beag a dhéanamh ar fhoclaiocht Airteagal 88(2) de na Rialacha Nós Imeachta agus é a roinnt ina dhá mhír ar leith. Bhainfeadh mír 2 le cás sonrach an tsínithe, agus chumhdófaí gnéithe a bhaineann leis an séala a ghreamú, doiciméad bunaidh an bhreithiúnais a thaisceadh sa Chlárlann agus cóip dheimhnithe den bhreithiúnas sin a sheirbheáil ar na seolaithe ábhartha go léir le mír 3 nua.

Maidir leis an síniú féin, choinneofaí i bprionsabal an ceanglas go síneoidh na gcomhaltaí go léir a ghlac páirt sna pléití, ach leasófaí an téacs chun foráil a dhéanamh, mura féidir le Breitheamh a ghlac páirt sna pléití breithiúnas a shíniú a thuilleadh, mar shampla toisc gur dúnadh na pléití sa chás sin go gairid roimh an athrú páirteach ar chomhdhéanamh na Cúirte agus go bhfuil an breithiúnas fós á aistriú ar imeacht an Bhreithimh sin, go gcuirfidh Uachtarán fhoirmíocht na Cúirte deimhniú gur ghlac an Breitheamh sin páirt sna pléití in ionad shíniú an Bhreithimh sin.

Tá feidhm ag an riail chéanna, de réir analaí, maidir leis na cásanna níos neamhchoitianta nach féidir le breitheamh a ghlac páirt sa phlé bunchóip an bhreithiúnais a shíniú a thuilleadh, mar gheall ar a éirí as oifig nó mar gheall ar a staid sláinte nó báis. Bheadh feidhm ag an riail chéanna, de réir analaí, maidir leis na cásanna níos annaimhe nach féidir le Breitheamh a ghlac páirt sna pléití doiciméad bunaidh an bhreithiúnais a shíniú a thuilleadh, mar gheall ar a éirí as oifig nó mar gheall ar a staid sláinte nó tar éis a bháis. Moltar, dá bhrí sin, go ndeimhneoidh an tUachtarán anseo freisin gur ghlac an Breitheamh atá i gceist páirt sna pléití.

Ar mhaithe le hiomláine, ba cheart a lua ar deireadh, más é an tUachtarán féin nach bhfuil in ann an breithiúnas a shíniú a thuilleadh toisc gur fhág sé an Chúirt, gurb é an Breitheamh a thagann ina ionad, de bhun na ngnáthrialacha atá in Airteagail 13 agus 30 faoi seach de na Rialacha Nós Imeachta, a chomhlíonfaidh an fheidhm dheimhniúcháin sin.

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 170b(2):

‘2. Ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis dó an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, déanfaidh Dlísheomra an bhreith ar an iarratas sin, ar Dlísheomra é arna bhunú go speisialta chun na críche sin, atá faoi stiúir Leas-Uachtarán na Cúirte agus ina mbeidh an Breitheamh is Rapóirtéir agus Uachtarán an Dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna dár sannadh an Breitheamh is Rapóirtéir **tráth a ainmnithe mar Bhreitheamh is Rapóirtéir.**’

Tá sé mar aidhm ag an leasú a mholtar leigheas a thabhairt ar fhadhb phraiticiúil a thagann chun cinn gach 3 bliana, nuair a dhéantar athrú páirteach ar chomhdhéanamh na Cúirte.

Foráiltear le hAirteagal 170b(2) de na Rialacha Nós Imeachta, ina leagan reatha, go gcuirfeadh achomhairc a thagann faoi raon feidhme Airteagal 58a den Reacht de chúram ar Leas-Uachtarán na Cúirte, ar an mBreitheamh a ainmneofar chun dualgais Breithimh is Rapóirtéir a chomhlíonadh agus ar Uachtarán an Dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna dár sannadh an Breitheamh is Rapóirtéir ar an dáta a chuirtear isteach an t-iarratas go ligfeadh don achomharc dul ar aghaidh. Baineann an fhadhb a eascraíonn sa chleachtas go díreach leis an dáta tagartha deireanach seo. Ós rud é gurb é atá i gceist le hathrú páirteach imeacht Breithimh amháin nó roinnt Breithiúna ón gCúirt agus nach féidir, de réir sainmhíniú, na Breithiúna a thíocfaidh ina n-ionad a shannadh do Dhlísheomra sula rachaidh siad i mbun a ndualgas, tá líon na mBreithiúna a fhéadfar a ainmniú mar Bhreitheamh is Rapóirtéir chun

déileáil le hachomhairc a thaisctear roimh dháta an athraithe pháirtigh ar chomhdhéanamh na Cúirte teoranta go leor ós rud é nach bhféadfar ach Breithiúna nach rachaidh a dtéarma oifige in éag agus nach gcomhlíonann dualgais Leas-Uachtaráin nó Uachtaráin Dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna a ainmniú mar Bhreitheamh is Rapóirtéir sna cásanna sin.

D'fhéadfadh an fhadhb maidir le comhdhéanamh an Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh a bheith níos géire fós i gcás ina dtoghtar an Breitheamh a ainmníodh roimh an athrú páirteach chun feidhmeanna Breithimh is Rapóirtéir a fheidhmiú, tar éis an athraithe sin, mar Leas-Uachtarán na Cúirte nó mar Uachtarán Dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna. . Dá bhrí sin, ní féidir a sheachaint ach an cás a athshannadh do Bhreitheamh is Rapóirtéir eile chun foclaíocht Airteagal 170b a chomhlíonadh.

Chun bainistiú na gcásanna sin a shimpliú agus chun a áirithiú go ndáilfear an t-ualach oibre ar na Breithiúna go léir ar bhealach níos cothroime agus, go háirithe, ar na Breithiúna nuacheaptha, moltar, dá bhrí sin, an dáta tagartha thuasluaite a leasú agus foráil a dhéanamh gurb é Dlísheomra atá comhdhéanta den Leas-Uachtarán, den Bhreitheamh is Rapóirtéir agus d'Uachtarán an Dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna dár sannadh an Breitheamh sin tráth a ainmnithe mar Bhreitheamh is Rapóirtéir a dhéanfaidh an cinneadh maidir leis an iarratas go ligfear don achomharc dul ar aghaidh, agus ní ar an dáta níos luaithe ar a ndearnadh an iarratas go ligfear don achomharc dul ar aghaidh. Leis an leasú seo, d'fhéadfaí rialú níos tapúla a thabhairt ar iarratais den sórt sin, gan aon ghá a bheith ann an cás a athshannadh do Bhreitheamh is Rapóirtéir eile.

(7) Cuirtear an mír seo a leanas le hAirteagal 190:

‘4. I gcás, in imeachtaí a bhaineann le hachomharc i gcoinne breithiúnas de chuid na Cúirte Ginearálta, ina ndéanann páirtí iarratas ar rúndacht i ndáil le hidiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta, maidir le hábhar a chuirtear faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais ar ábhar é ar déileáladh leis cheana féin mar ábhar rúnda i ndáil leis an bpáirtí sin le linn na n-imeachtaí ag an gcéad chéim, coimeádfar an rúndacht chéanna chun críocha na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais ’

Tá sé mar aidhm ag an leasú seo láimhseáil na n-iarratas ar rúndacht a chuirtear isteach i gcomhthéacs achomhairc a chuíchóiriú. I gcás ina gcuirtear iarratais den sórt sin faoi bhráid na Cúirte i gcomhthéacs achomhairc, ceanglaítear uirthi barúlacha na bpáirtithe maidir leis an iarratas sin a fháil agus rialú a thabhairt air le hordú ansin, fiú mura bhfuil aon agóid déanta ag na páirtithe eile sna himeachtaí i gcoinne iarratas den sórt sin. Ina theannta sin, is léir ó chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, i gcás ina ndéanann an Chúirt Ghinearálta láimhseáil rúnda, i ndáil le hidiragraí, maidir le faisnéis áirithe i gcomhad an cháis, go ndéanann an Chúirt Bhreithiúnais i gcónaí, i gcás ina ndéantar iarratas comhchosúil i gcomhthéacs achomhairc, an rúndacht chéanna i ndáil leis an bpáirtí sin.

Dá bhrí sin, moltar an cásdlí sin a chódú trí fhoráil shonrach a chur isteach maidir leis an ábhar sin sna Rialacha Nós Imeachta, rud a scaoilfí an Chúirt ón ngá atá le hordú a ghlacadh i gcásanna den sórt sin agus, ar an gcaoi sin, a chabhrófaí le dlús a chur le láimhseáil an cháis.

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 200:

‘Airteagal 200

Tuairim a fhógairt agus a sheirbheáil

1. Tabharfar an Tuairim i gcúirt oscailte.
2. Síneoidh an tUachtarán, na Breithiúna a ghlac páirt sna pléití agus an Cláratheoir doiciméad bunaidh na Tuairime. I gcás nach féidir le Breitheamh a ghlac páirt sna pléití an doiciméad bunaidh a shíniú a thuilleadh, mar gheall ar a staid sláinte nó tar éis a bháis, nó mar gheall ar a éirí as oifig nó dul in éag a théarma oifige, deimhneoidh an tUachtarán gur ghlac an Breitheamh sin páirt sna pléití.
3. Déanfar doiciméad bunaidh na Tuairime, arna shíniú, a shéalú agus a thaisceadh sa Chlárlann. Déanfar cóip dheimhnithe a sheirbheáil ar na Ballstáit uile agus ar na hinstitiúidí dá dtagraítear in Airteagal 196(1). ’

Tá dhá chuspóir leis an leasú seo.

Féachtar leis, ar an gcéad dul síos, an leasú a rinneadh ar Airteagal 88(2) de na Rialacha Nós Imeachta a chur san áireamh chun cásanna sonracha a chur san áireamh nach féidir sínithe uile na mBreithiúna a ghlac páirt sa phlé a bhailiú a thuilleadh.

Ar an dara dul síos, féachtar leis téacs an Airteagail sin a ailíniú le téacs Airteagal 88, trí thagairt a dhéanamh do shéalú na Tuairime agus dá taisceadh sa Chlárlann, agus teideal an Airteagail a fhorlíonadh ionas go léireoidh sé a ábhar agus seirbheáil na Tuairime ar na Ballstáit agus ar na hinstitiúidí dá dtagraítear in Airteagal 196.

Airteagal 2

Déanfar na leasuithe seo ar na Rialacha Nós Imeachta, atá barántúil sna teangacha dá dtagraítear in Airteagal 36 de na Rialacha seo, a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus tiocfaidh siad i bhfeidhm an chéad lá den dara mí i ndiaidh a bhfoilsithe.

Arna ndéanamh i Lucsamburg, an ...